



## An Dóigh a nDéantar Dlí

### Réimsí Foghlama: Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint Na hEalaíona

#### Cuspóirí Foghlama

##### Tá muid ag foghlaim faoi:

- úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht le cuidiú linn an fáth a bhfuil dlíthe de dhíth orainn sa phobal a thuiscint;
- an dóigh a ndéantar dlí ag Tionól Thuaisceart Éireann a thuiscint;
- ról an CTR a fhiosrú sa phróiseas le dlí a dhéanamh; agus
- tábhacht na cinnteoireachta daonlathaí a thuiscint.

#### Riachtanais Reachtúla

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, cuideoidh sin leis na riachtanais reachtúla a leanas a chomhlíonadh:

#### Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

##### Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt i dtaca le:

**Snáithe a Dó:** Comhthuiscint sa Phobal Áitiúil agus sa Mhórphobal  
Ról gníomhach fiúntach bríoch a ghlacadh i saol an phobail agus suim a chur sa mhórchomhábairt.

##### Téama 6\*: Rialacha, Cearta agus Freagrachtaí

- léirithuiscint bheith acu ar cén dóigh agus cén fáth ar cruthaíodh dlíthe agus ar cuireadh i bhfeidhm iad;
- a thuiscint go bhfuil géarghá le rialacha i gcomhphobal ordúil, agus an gá atá le rialacha difriúla i gcomhthéacsanna difriúla; agus
- na grúpaí éagsúla, na róil agus na freagrachtaí taobh istigh den phobal a aithint.

##### Téama 9\*: Foghlaim bheith i do bhall de phobal

- bheith eolach ar an tábhacht atá le cinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht, agus ar na hinstitiúidí a thacaíonn leo seo ar bhonn áitiúil; agus
- bheith eolach ar réimse na bpost agus na hoibre a dhéanann daoine éagsúla.

\* Is féidir [Personal Development and Mutual Understanding Progression Grid](#) (Eochairchéim) 2 a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.






**Ba chóir do mhúinteoirí a chur ar chumas na bpáistí eolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt:**

**Na hEalaíona – Ealaín agus Dearadh**

**Ba chóir go mbeadh ar chumas na ndaltaí:**

- Réimse de mheáin, d'ábhair, d'uirlisí agus de phróisis a thriail, amhail: líníocht, péinteáil, déanamh priontaí, ábhair shomhúnlaithhe, teicstílí agus tógáil thríthoiseach, na cinn is oiriúnaí a roghnú le smaointe agus spriocanna pearsanta a réadú.





## Scileanna Traschuraclaim & Scileanna Smaointeoireachta & Ábaltachtaí Pearsanta

Má leantar na gníomhaíochtaí ar líne agus na gníomhaíochtaí ranga seo, beidh an deis ann na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

<p><b>Cumarsáid:</b> <i>Labhairt agus Éisteacht</i></p> <p><b>Ag Obair le Daoine Eile</b></p> <p><b>Smaointeoireacht, Fadhbriteach agus Cinnteoireacht</b></p>	<p>Agus iad ag obair i ngrúpaí le dlíthe úra a chruthú sa Ghníomhaíocht Tosaigh agus sna Gníomhaíochtaí Eile beidh deis ag na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair agus a bheith rannpháirteach iontu; agus</li><li>• faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhlúcháin a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú.</li><li>• a léiriú go bhfuil siad in ann feidhmiú i ról éagsúla i ngrúpa agus a bheith freagrach as tascanna cuí; agus</li><li>• a bheith ag obair lena gcomhghleacaithe le comhaontuithe a bhaint amach.</li><li>• modhanna, barúlacha agus conclúidí a mhíniú agus a chosaint; agus</li><li>• roghanna a scrúdú, ag cur gnéithe ina leith agus ina n-éadan idir dhá cheann na meá.</li></ul>
<p><b>Bheith Cruthaitheach</b></p>	<p>Úsáid a bhaint as an ghníomhaíocht Scannáin Intinne agus meaisín déanta dlíthe a dhéanamh as ábhar dramhealaíne le deis a thabhairt do na páistí:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• modhanna éagsúla smaointeoireachta a thriail, an léirshamhlú, mar shampla; agus</li><li>• réada agus smaointe a thriail ar dhóigh shúgrach.</li></ul>





## Achoimre

Is é atá sa Dóigh a nDéantar Dlí beochan ina bhfuil beirt daltaí scoile róbatacha, Charlie Bot agus Zoe Bot. Déanann siad plé ar an fháth a bhfuil rialacha de dhíth orainn agus ar an dóigh a ndéantar dlíthe ag an "mhonarcha déanta dlíthe" i dTionól Thuaisceart Éireann.

Sula dtaispeánfar an bheochan do na páistí, déan an Ghníomhaíocht Tosaigh leo. Is tasc samhlaíochta í an Ghníomhaíocht Tosaigh ina bhfiosraítear an fáth a bhfuil rialacha de dhíth orainn sa phobal.

Díríonn an Ghníomhaíocht Eile ansin ar an phróiseas trína ndéanann CTRanna dlíthe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ar an tábhacht a bhaineann leis an chinnteoireacht dhaonlathach.

## Gníomhaíocht Tosaigh



Bain úsáid as an chleachtadh Scannáin Intinne atá ar leathanach 50 den leabhrán Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Ghníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2\*. Iarr ar na páistí a súile a dhruidim agus a ligean orthu féin go bhfuil siad i ndiaidh dul siar san am go dtí baile san Iarthar Fhiáin. Léigh an chreatlach scéil seo a leanas dóibh:

*Agus tú ag druaidim leis an bhaile, tagann capall agus marcach i do threo ar cosa in airde. Tarraingíonn an t-iarshirriam ar na srianta lena chapall a stopadh, agus scamall deannaigh ag éirí thart timpeall air. Deir sé gur chuala sé gur thángthas ar ór sna sléibhte agus tá sé ar shiúl lena shaibhreas a dhéanamh. Caitheann sé suaitheantas réaltchruthach an tsirriaim isteach i do lámh. Is tusa an sirriam úr! Agus é ar tí imeacht ar an chapall, insíonn sé duit nach raibh an t-am aige rialacha ar bith a dhéanamh le dlí agus ord a choinneáil ar an bhaile mhór – bhí sé róghnóthach ag imirt cártaí sa chasaíne agus é ag iarraidh a fhortún a dhéanamh. Ar an drochuair, tá rudaí i ndiaidh éirí giota beag fiáin sa phobal, ach tá sé measartha cinnte go mbeidh tusa ábalta an scéal a réiteach! Guíonn an t-iarshirriam gach rath ort agus ansin imíonn sé ar an chapall ar cosa in airde agus cuifeach deannaigh ag éirí ina dhiaidh.*

*Amharcann tú ar an réalta lonrach i do lámh. Ar chóir duit fanacht nó casadh thart agus na bonnaí a bhaint as? Déanann tú cinneadh marcaíocht ar aghaidh isteach i do bhaile nua. Cad é an t-anord atá romhat agus tú ag teacht isteach? Cad iad na rialacha a dhéanfaidh tú le dlí agus ord a thabhairt ar ais ar an bhaile mhór?*

\* Is féidir an leabhrán [Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Ghníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2](#) a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA.





Tabhair cúpla bomaite do na páistí le bheith ag smaoineamh agus ansin cuir ina ngrúpaí iad. Ba cheart do gach grúpa a gcuid smaointe a phlé agus liosta a dhéanamh de na cineálacha drochiompair a shamhlaigh siad. Thiocfadh a leithéidí seo a bheadh i gceist:

- marcaigh ag dul ar lánluas ar cosa in airde ar chapail tré lár an bhaile;
- daoine ag troid sa tsráid;
- fuadach eallaigh;
- loitiméireacht á déanamh ar phóstaer Theastála;
- toim rothlaim agus bruscar eile á scaipeadh;
- neamh-chomhionannais i measc saoránach;
- tobac á chaitheamh gar do scioból an fhéir;
- gan teorainn aoise a bheith i bhfeidhm sa chasaíne; agus
- gan teorainn aoise a bheith i bhfeidhm sna beáir.

I ndiaidh do na grúpaí am a chaitheamh ag déanamh plé, iarr ar na páistí trí chineál iompraíochta a roghnú óna liosta a dtiocfadh leo a réiteach ach dlí a dhéanamh. Abair leis na páistí go gcuirfear leacht cuimhneacháin in airde ina n-onóir má dhéanann siad dlíthe a fhágann go mothaíonn muintir an bhaile sona sábháilte.

Tabhair cóip an duine d'Áis 1 dóibh. Agus iad ag obair i ngrúpaí, iarr ar na páistí na trí réimse a bhfuil siad ag déanamh dlí faoina gcoinne a bhreacadh síos. Ar an taobh chlé den scrolla, ba cheart dóibh an dlí nua a fhógairt. Ar an taobh dheas, ba cheart dóibh smaointe a scríobh faoin dlí a bhí i bhfeidhm, b'fhéidir, ag an iarshirriam. Cuir i gcuimhne dóibh nach ndearna an t-iarshirriam jab iontach maith! Nuair a bheidh siad réidh, iarr ar gach grúpa a ndlíthe ciallmhara agus a ndlíthe amaideacha a chur i láthair. Ba cheart dóibh cur síos ar an rud a tharlaíonn nuair atá dlí amaideach i bhfeidhm; mar shampla, capaill ag rith ar cosa in airde trí phríomhshráid an bhaile gan teorainn luais, agus ansin míniú a thabhairt ar an dóigh a ndéanfaidh an dlí úr rudaí a fheabhsú.

Ag deireadh na gníomhaíochta, ba cheart comhghairdeas a dhéanamh leis na páistí as dlí agus ord a chur i réim arís sna bailte seo san Iarthar Fhiáin. Le hachóimre a dhéanamh, cuir na ceistanna seo a leanas ar na páistí:

- Cad chuige a bhfuil dlíthe de dhíth orainn?
- An mbaineann ceann ar bith de na dlíthe úra leis na rialacha atá ina bpobal féin?
- Níl sirriam ar bith i dTuaisceart Éireann. Mar sin de, cé hiad na daoine a chaomhnaíonn dlí agus ord sa phobal?
- An bhfuil a fhios acu cé a dhéanann na dlíthe i dTuaisceart Éireann nó cá háit a ndéantar na dlíthe?

## Gníomhaíocht ar Líne

Sa bheochan An Dóigh a nDéantar Dlí i rannán na **Bunscolaíochta** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann, tá na daltaí scoile róbatacha Charlie Bot agus Zoe Bot. Pléann siad an fáth a bhfuil rialacha de dhíth orainn agus an dóigh a ndéantar dlíthe ag an "mhonarcha le dlíthe a dhéanamh" i dTionól Thuaisceart Éireann.

Leis an bheochan a sheinm ina hiomláine nó i gcaibidlí, brúigh ar:

- an cnaipe Seinn Go Deireadh leis an bheochan iomlán a fheiceáil;
- na boscaí uimhrithe ar an chrios iompair le caibidlí ar leith a fheiceáil;
- na saigheada dearga ar gach taobh den chrios iompair le nascleanúint a dhéanamh chun tosaigh agus siar trí na caibidlí; agus
- an cnaipe Lánscaileán leis an bheochan a sheinm ag uasmhéid.





B'fhéidir gur mhaith leat go n-amharcfadh an rang ar an bheochan uilig sa mhodh Lánscaileán ionas go bhfaighidh siad léargas ar an dóigh a ndéantar dlí. Ansin, sa Ghníomhaíocht Eile, thioctadh leis na páistí nascleanúint a dhéanamh chuig caibidlí ar leith le taighde a dhéanamh ar eolas a bhaineann le céimeanna éagsúla den phróiseas le dlí a dhéanamh.

Agus na páistí ag amharc ar an bheochan, iarr orthu díriú ar fhreagraí ar na ceisteanna seo a leanas a fháil:

- Cé a dhéanann na dlíthe i dTuaisceart Éireann?
- Cá háit a ndéantar na dlíthe?
- An dtig leo ainm na gCéimeanna éagsúla a bhaineann le dlí a dhéanamh a liostú?

### Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann a d'fhéadfá a úsáid in éineacht leis an ghníomhaíocht seo:

#### Cé hiad na CTRanna?

Bain úsáid as an léarscáil lena fháil amach cé hiad na CTRanna atá agat agus cad é an toghcheantar a bhfuil cónaí ort ann i dtaca le toghcháin do Thionól Thuaisceart Éireann.

### Gníomhaíocht Eile

Seiceáil cad é mar a d'éirigh leis na páistí agus iad ag aimsiú na bhfreagraí ar na ceisteanna sa Ghníomhaíocht ar Líne. I ndiaidh dóibh amharc ar an bheochan, ba cheart go mbeadh a fhios acu gur CTRanna a dhéanann dlíthe ag Tionól Thuaisceart Éireann.

Fiafraigh díobh ar chuala duine ar bith acu ainmneacha na gcéimeanna éagsúla uilig a gcaithfidh Bille (an dlí úr atá á mholadh) dul tríothu sula ndéantar dlí de. Scríobh ar an chlár bhán ainmneacha na gcéimeanna éagsúla a thugann na páistí. Iarr ar an rang na frásaí nua a chur san ord cheart:

### Focail agus Frásaí Úra

1. An Chéad Céim
2. An Dara Céim
3. Céim an Choiste
4. Céim Bhreithnithe
5. An Chéim Dheireanach
6. Aontú na Banríona





Sa bheochan, léirítear na céimeanna éagsúla den phróiseas le dlí a dhéanamh mar chodanna éagsúla den mheaisín déanta dlíthe. Mínígh do na páistí go bhfuil siad ag dul a bheith ag obair in 6 ghrúpa le codanna éagsúla den mheaisín seo a dhéanamh as ábhair dhramhealaíne, mar shampla boscaí, scragall stáin, sreang, cnaipí. Caithfidh siad a gcuid féin den mheaisín a lipéadú go soiléir le hainm na Céime a tugadh dóibh ón liosta. Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar na páistí a bheith ag obair le chéile leis na codanna éagsúla den mheaisín a shocrú san ord cheart.

Thig leis na páistí úsáid a bhaint as na meáin sa rannán An Dóigh a nDéantar Dlí ar an tsuíomh gréasáin le:

- smaointe a fháil ar an chuma a bheidh ar a meaisín; agus
- cuidiú a fháil le míniú a thabhairt don rang ar an dóigh a bhfeidhmíonn a gcuid féin den mheaisín.

Nuair a chuirfear an meaisín le chéile san ord cheart, bainfidh na páistí úsáid as le dlí a dhéanamh mar thriail lena fháil amach an bhfuil sé ag obair:

- Ba chóir do gach grúpa moladh le haghaidh dlí a dhéanamh; mar shampla dlíthe le pobal na scoile a fheabhsú nó na dlíthe a chruthaigh siad sa Ghníomhaíocht Tosaigh.
- Ba cheart a ndlí a scríobh ar pháipéir ar mhóir páipéir lena cur ar aghaidh feadh na gcodanna éagsúla den mheaisín.

Iarr ar gach grúpa a shamhlú gur CTRanna iad. De réir mar a thiocfaidh an Bille a fhad lena gcuid féin den mheaisín, caithfidh siad míniú a thabhairt don chuid eile den rang cad é a dhéanann CTRanna ag an chéim sin. Mar shampla, ag an Chéad Chéim scríobhtar an smaoineamh don dlí nua síos agus tugtar eolas faoi don chuid eile de na CTRanna ag cruinniú mór. Ag an Dara Céim déanann siad cinneadh ar cé acu is smaoineamh maith nó drochsmaoineamh é an Bille, dar leo, trí vótáil ar a shon nó ina éadan. Thig leis an choiste roinnt leasuithe a mholadh le linn Chéim an Choiste. I ndiaidh dóibh míniú a thabhairt ar a tharlaíonn ag a gCéim, ba chóir don ghrúpa buntáistí agus míbhuntáistí an Bhille a phlé agus vótáil le cinneadh a dhéanamh go daonlathach ar chóir dó dul ar aghaidh chuig an chéad Chéim eile. Caithfidh siad a bheith in ann míniú a thabhairt ar an chinneadh a rinne siad.

I ndiaidh do gach grúpa deis a bheith acu an smaoineamh atá acu do dhlí nua a chur tríd an mheaisín, déan na Billí a ritheadh nó a diúltaíodh a mheas. Cad chuige? Mar fhocal scoir, cuir i gcuimhne do na páistí go dtoghtar CTRanna leis na cinntí seo a dhéanamh dúinn, agus mar sin de, tá sé tábhachtach go gcaitheann daoine vóta ionas go mbeidh tionchar acu ar na cinntí a dhéanfar.







Áis 1: Mo Scrolla Dlí agus Oird



**Dlí Nua**



**Sean-Dlí**

Dlí maidir le ...

--	--

Dlí maidir le ...

--	--

Dlí maidir le ...

--	--

